AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.8.2020
COM(2020) 375 final

2020/0176 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le cuótaí rátaí taraife an Aontais agus cuótaí eile ar allmhairí a chur i bhfeidhm

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tharraing Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (‘an Ríocht Aontaithe’) siar as an Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020. Beidh feidhm ag an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar (‘an Prótacal’) ó dheireadh na hidirthréimhse, i.e. amhail ón 1 Eanáir 2021.

Luaitear sa Phrótacal gur cuid de críoch chustaim na Ríochta Aontaithe é Tuaisceart Éireann, agus gur féidir leis an Ríocht Aontaithe Tuaisceart Éireann a áireamh i raon feidhme críochach a sceideal de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála. An tráth céanna, aon tagairt do chríoch chustaim an Aontais sna forálacha den Phrótacal is infheidhme, agus sna forálacha i ndlí an Aontais a dhéantar infheidhme leis an bPrótacal maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, déantar foráil sa Phrótacal nach mór an tagairt sin a léamh mar a bheadh críoch talún Thuaisceart Éireann san áireamh. Is éard is brí leis sin, in ainneoin go bhfuil Tuaisceart Éireann i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe go foirmiúil, go bhfuil dualgas ar an Ríocht Aontaithe, i ndáil le Tuaisceart Éireann, reachtaíocht chustaim an Aontais a chur i bhfeidhm amhail is dá mbeadh Tuaisceart Éireann fós i gcríoch chustaim an Aontais.

Ní eascraíonn cearta agus oibleagáidí do thríú tíortha as na socruithe déthaobhacha idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe faoin bPrótacal.

Dá réir sin, aon allmhairí de bhun cuótaí rátaí taraife an Aontais ar allmhairí nó de bhun cuótaí eile ar allmhairí a bhfuil feidhm acu maidir le hearraí de thionscnamh tríú tír a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann, ní fhéadfaí iad a áireamh mar chuid de chearta an tríú tír sin i leith an Aontais, mura gcomhaontóidh an tríú tír sin. Baineann riosca d'fheidhmiú cuí Mhargadh Aonair an Aontais agus do shláine an Chomhbheartais Tráchtála leis an staid seo tríd an bhféidearthacht go ndéanfaí sárú ar chuótaí rátaí taraife an Aontais nó ar chuótaí eile ar allmhairí. Thairis sin, aon chomhaontú le tríú tír lena ndéantar foráil maidir le cuótaí rátaí taraife ar onnmhairí, ceanglaítear leis go ndéanfar earraí a allmhairiú laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an tríú tír sin diúltú do cheadúnais onnmhairithe a eisiúint le haghaidh allmhairí díreacha isteach i dTuaisceart Éireann.

Chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin, níor cheart cuótaí rátaí taraife an Aontais nó cuótaí eile ar allmhairí a bheith ar fáil ach d'earraí a allmhairítear agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht san Aontas agus ní i dTuaisceart Éireann.

De bhua an Phrótacail, bheadh feidhm ag an Rialachán sin maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an tionscnamh seo i gcomhréir le gníomhaíochtaí atá á reáchtáil ag an Aontas chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh deireadh na hidirthréimhse ar bhealach rianúil, go háirithe chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh cur chun feidhme an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh comhsheasmhach freisin le comhbheartas tráchtála an Aontais.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Is inniúlacht eisiach de chuid an Aontais é an comhbheartas tráchtála. Níl feidhm le prionsabal na coimhdeachta dá bhrí sin.

- **Comhréireacht**

Is tríd an mbeart atá beartaithe amháin a bhainfear an toradh inmhianaithe amach.

- **An rogha ionstraime**

Is gá gníomh reachtach, Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, mar nach ndéantar foráil leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le cumhacht a thabhairt don Choimisiún glacadh leis na bearta atá beartaithe.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon tionchar ag an togra seo ar chearta bunúsacha.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Neamhbhainteach.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Foráiltear le hAirteagal 1 nár cheart cuótaí rátaí taraife an Aontais agus cuótaí eile ar allmhairí a bheith ar fáil ach d'earraí a allmhairítear ó lasmuigh den Aontas agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht san Aontas. In Airteagal 1 liostaítear na críocha custaim ábhartha, arb é atá iontu críoch chustaim an Aontais. Níl Tuaisceart Éireann san áireamh leis an liosta sin, rud a fhágann nach mbeadh cuótaí rátaí taraife an Aontais agus cuótaí eile ar allmhairí ar fáil le haghaidh allmhairí i dTuaisceart Éireann. In Airteagal 2 déantar foráil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin, ar cheart dó tosú an lá tar éis dheireadh na hidirthréimhse, an 1 Eanáir 2021.

2020/0176 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le cuótaí rátaí taraife an Aontais agus cuótaí eile ar allmhairí a chur i bhfeidhm

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tugadh an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("An Comhaontú um Tharraing Siar") i gcrích thar ceann an Aontais le Cinneadh (AE) 2020/135[1] ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

(2) In Airteagal 4 den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann atá i gceangal leis an gComhaontú um Tharraingt Siar ('an Prótacal') athdhearbhaítear gur cuid de críoch chustaim na Ríochta Aontaithe é Tuaisceart Éireann, agus nach gcuireann aon ní sa Phrótacal cosc ar an Ríocht Aontaithe Tuaisceart Éireann a chuimsiú i raon críochach a Sceideal Lamháltas atá i gceangal leis an gComhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil, 1994 ('GATT 1994').

(3) An tráth céanna, aon tagairt do chríoch chustaim an Aontais sna forálacha is infheidhme den Phrótacal, agus sna forálacha i ndlí an Aontais a dhéantar infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann leis an bPrótacal, foráiltear le hAirteagal 13(1) den Phrótacal, d'ainneoin aon fhorálacha eile sa Phrótacal, go léifear í mar a bheadh críoch talún Thuaisceart Éireann san áireamh.

(4) De réir Airteagal 5(3) den Phrótacal, tá feidhm ag reachtaíocht chustaim an Aontais mar a shainmhínítear í in Airteagal 5, pointe (2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Is éard is brí leis na forálacha sin, i gcomhar le hAirteagal 5(1), an chéad fhomhír agus an dara fomhír den Phrótacal a mhéid a bhaineann le hearraí a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann ó lasmuigh den

[1] Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

Aontas, go mbeadh feidhm ag bearta taraife an Aontais, lena n-áirítear cuótaí rátaí taraife faoin gComhtharaif Chustaim nó faoi chomhaontaithe idirnáisiúnta ábhartha, maidir leis na hearraí sin a meastar ina leith go bhfuil baol ann go n-aistreofar iad isteach san Aontas ina dhiaidh sin. Áirítear ar na cuótaí rátaí taraife sin go háirithe, cuótaí rátaí taraife i sceideal ceangaltas an Aontais faoi GATT 1994, arna aontú i gcomhaontuithe déthaobhacha idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear cuótaí maolaithe tionscnaimh, cuótaí rátaí taraife ar allmhairí faoi chóras cosanta trádála an Aontais agus cuótaí rátaí taraife uathrialacha eile, chomh maith le cuótaí rátaí taraife ar onnmhairí dá bhforáiltear i gcomhaontuithe le tríú tíortha.

(5) De réir Airteagal 5(4) den Phrótacal, tá feidhm freisin ag dlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal, faoi na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Áirítear leis sin reachtaíocht an Aontais lena ndéantar foráil maidir le cuótaí áirithe ar allmhairí.

(6) Ní eascraíonn cearta agus oibleagáidí do thríú tíortha as na socruithe déthaobhacha idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe faoin bPrótacal.

(7) Dá réir sin, aon allmhairí de bhun cuótaí rátaí taraife an Aontais ar allmhairí nó de bhun cuótaí eile ar allmhairí a bhfuil feidhm acu maidir le hearraí de thionscnamh tríú tír a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann, ní fhéadfaí iad a áireamh mar chuid de chearta an tríú tír sin i leith an Aontais, mura gcomhaontóidh an tríú tír sin. Baineann riosca d'fheidhmiú cuí Mhargadh Aonair an Aontais agus do shláine an Chomhbheartais Tráchtála leis an staid sin tríd an bhféidearthacht go ndéanfaí sárú ar chuótaí rátaí taraife an Aontais nó ar chuótaí eile ar allmhairí.

(8) Chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin, níor cheart cuótaí rátaí taraife an Aontais ar allmhairí agus cuótaí eile ar allmhairí a bheith ar fáil ach d'earraí a allmhairítear agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht san Aontas agus ní i dTuaisceart Éireann.

(9) Aon chomhaontú de chuid an Aontais le tríú tír lena ndéantar foráil le haghaidh cuótaí rátaí taraife ar onnmhairí, níl feidhm aige ach maidir le hearraí a allmhairítear laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an tríú tír sin diúltú do cheadúnais onnmhairithe a eisiúint le haghaidh allmhairí díreacha isteach i dTuaisceart Éireann.

(10) De bhua Airteagal 5(3) agus (4) den Phrótacal i gcomhar le hAirteagal 13(3) de, tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Earraí a allmhairítear ó lasmuigh den Aontas, ní bheifear in ann caitheamh leo de bhun cuótaí rátaí taraife an Aontais ar allmhairí nó cuótaí eile ar allmhairí nó de bhun cuótaí rátaí taraife ar onnmhairí arna gcur i bhfeidhm ag tríú tíortha ach amháin má scaoiltear i saorchúrsaíocht iad sna críocha seo a leanas:

– críoch Ríocht na Beilge,

– críoch Phoblacht na Bulgáire,

– críoch Phoblacht na Seice,

– críoch Ríocht na Danmhairge, cé is moite d'Oileáin Fharó agus den Ghraonlainn,

– críoch Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, cé is moite d'Oileán Heligoland agus de chríoch Büsingen (Conradh an 23 Samhain 1964 idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Cónaidhm na hEilvéise),

– críoch Phoblacht na hEastóine,

– críoch na hÉireann,

– críoch na Poblachta Heilléanaí,

– críoch Ríocht na Spáinne, cé is moite de Ceuta agus de Melilla,

– críoch Phoblacht na Fraince, cé is moite de thíortha agus de chríocha thar lear na Fraince a bhfuil feidhm ag forálacha Chuid a Cheathair CFAE maidir leo, ach lena n-áirítear críoch Mhonacó mar a shainmhínítear í sa Choinbhinsiún Custaim a síníodh i bPáras an 18 Bealtaine 1963 (Journal officiel de la République française an 27 Meán Fómhair 1963, lch. 8679),

– críoch Phoblacht na Cróite,

– críoch Phoblacht na hIodáile, cé is moite de bhardas Livigno,

– críoch Phoblacht na Cipire, i gcomhréir le forálacha Ionstraim Aontachais 2003,

– críoch Phoblacht na Laitvia,

– críoch Phoblacht na Liotuáine,

– críoch Ard-Diúcacht Lucsamburg,

– críoch na hUngáire,

– críoch Mhálta,

– críoch Ríocht na hÍsiltíre san Eoraip,

– críoch Phoblacht na hOstaire,

– críoch Phoblacht na Polainne,

– críoch Phoblacht na Portaingéile,

– críoch na Rómáine,

– críoch Phoblacht na Slóivéine,

– críoch Phoblacht na Slóvaice,

– críoch Phoblacht na Fionlainne

– críoch Ríocht na Sualainne, agus

– críoch Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Akrotiri agus Dhekelia de chuid na Ríochta Aontaithe mar a shainmhínítear iad sa Chonradh maidir le Bunú Phoblacht na Cipire, a síníodh sa Niocóis an 16 Lúnasa 1960.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*